# Seirbhís fhograí ríomhphoist

# Beartas príobháideachais

## 1. Réamhrá

Is le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 a rialaítear daoine aonair a chosaint maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí an Aontais Eorpaigh[1]. Faoin Rialachán sin, leantar na prionsabail agus na rialacha céanna atá leagtha síos sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[2].

Maidir leis an bhfaisnéis atá anseo thíos, táimid á cur sin ar fáil duit bunaithe ar Airteagail 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2018/1725.

[1] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295 an 21/11/2018, lch. 39

[2] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

## 2. Cén fáth go ndéanaimid do shonraí a phróiseáil?

Déanaimid do chuid faisnéise pearsanta a phróiseáil chun fógraí ríomhphoist uathoibríocha a sheoladh chugat nuair a chuirtear faisnéis nua le réimsí áirithe dár láithreáin ghréasáin. Tá sé mar aidhm leis seo tú a choinneáil ar an eolas faoi mhíreanna a mbeadh spéis agat iontu gan gá duit filleadh ar an láithreán gréasáin lena sheiceáil an bhfuil aon nuashonrú déanta.

Ar chúiseanna teicniúla, ní mór dúinn ascnamh chuig córas nua liostála ríomhphoist.

Tá an rogha agat athrú nó gan athrú go dtí an réiteach nua. Más mian leat déanamh amhlaidh, tá dhá chéim ag baint le próiseas an ascnaimh:

(1) Seolfar r-phost chugat ag tabhairt cuireadh duit a bheith rannpháirteach sa chóras nua.

(2) Ar leathanach fáilte an chórais nua, gheobhaidh tú treoracha maidir le cuntas a chruthú. Tá an chéim seo riachtanach más mian leat leanúint de ríomhphoist a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. Tá seoladh ríomhphoist bailí de dhíth chun an cuntas a chruthú. Anuas air sin, le linn an phróisis clárúcháin, fiafróimid díot faisnéis bhreise a thabhairt chun críoch staidrimh amháin. Tá sé roghnach an fhaisnéis sin a chur ar fáil, agus má roghnaíonn tú gan í a chur ar fáil, ní dhéanfaidh sé difear do na gnéithe, na feidhmiúlachtaí ná na seirbhísí a chuireann an córas ar fáil. Thairis sin,

déantar na sonraí a anaithnidiú (stóráiltear na sonraí ar bhealach a fhágfaidh, mar shampla, go mbeidh an córas in ann 2 chuntas a shainaithint ó thír X ach ní bheidh sé in ann a rá cé hiad na húsáideoirí sin).

A luaithe a bheidh tú cláraithe sa chóras nua, déanfaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil chun faisnéis ábhartha a sholáthar duit (bunaithe ar do roghanna) a bhaineann le gníomhaíochtaí Pharlaimint na hEorpa (PE), trí ríomhphoist.

Déantar do shonraí a phróiseáil i gcomhréir agus bunaithe ar Airteagal 5(1)(d) de Rialachán (AE) 2018/1725 - toiliú an ábhair sonraí.

## 3. Cé atá freagrach as próiseáil do shonraí? (Rialaitheoir)

Tá Parlaimint na hEorpa ag gníomhú mar rialaitheoir. Is é Aonaid an Stiúrthóra Gréasáin de chuid Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide atá freagrach as do shonraí a phróiseáil, a ndéanann an Ceann Aonaid ionadaíocht air.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir ag webmaster@europarl.europa.eu.

## 4. Cad iad na sonraí pearsanta a ndéanaimid próiseáil orthu?

Nuair a bheidh do chuntas á chruthú agat sa chóras, fiafróimid an fhaisnéis seo a leanas:

- Seoladh ríomhphoist: is é sin an t-aon fhaisnéis éigeantach is gá duit a chur ar fáil ós rud é go bhfuil seoladh ríomhphoist, a sheolfar na nuachtlitreacha chuige, ag teastáil ón gcorás. Feidhmíonn sé mar aitheantóir uathúil don úsáideoir sa chóras nuachtlitreach freisin
- Tír thionscnaimh (roghnach – chun críoch staidrimh amháin)
- Aoisghrúpa (roghnach – chun críoch staidrimh amháin)
- Tionscal (roghnach – chun críoch staidrimh amháin)
- Conas a chuala tú fúinn (roghnach – chun críoch staidrimh amháin)

Tabhair do d’aire, le do thoil, gur chun críoch staidrimh amháin an fhaisnéis roghnach agus nach ndéanfaidh do dhiúltú í a chur ar fáil difear ar bith do na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn tríd an gcóras seo.

## 5. Cé dó a ndéantar do shonraí a nochtadh?

Tabharfar rochtain ar do shonraí do líon teoranta cléireach Pharlaimint na hEorpa agus do na cléirigh atá ag obair sna haonaid / stiúrthóireachtaí a bhfuil baint dhíreach acu le saothrú an chórais (an Rialaitheoir) agus dóibh sin amháin.

Ní féidir le cléirigh Pharlaimint na hEorpa idirghabháil a dhéanamh ach amháin má dhéanann tú iarratas chun do shonraí a bhaint go hiomlán ón gcóras nó chun do shonraí a nuashonrú (e.g. toiliú a tharraingt siar, nuashonrú ar sheoladh ríomhphoist).

Ní aistreofar do shonraí lasmuigh den Aontas Eorpach agus ní roinnfear iad le tír nach bhfuil san Aontas ná le heagraíocht idirnáisiúnta.

Is í Parlaimint na hEorpa úsáideoir aonair na sonraí a bhaileofar.

## 6. Cá fhad a choimeádfar do shonraí?

Coimeádfar do shonraí chomh fada agus a bheidh cuntas agat. Is féidir leat do chuntas a scriosadh tráth ar bith. Ón uair a ndéanfaidh tú do chuntas a scriosadh, coimeádfar na sonraí go ceann 48 uair an chloig eile, ionas go mbeidh an deis agat do chuntas a athghníomhachtú. Tar éis an 48 uair an chloig sin, scriosfar do chuntas agus do shonraí go léir ón gcóras go buan.

## 7. Conas a stóráiltear do shonraí?

Tá Parlaimint na hEorpa tiomanta do shlándáil d'fhaisnéise pearsanta a chosaint. Bainimid úsáid as réimse éagsúil teicneolaíochtaí slándála agus nósanna imeachta a chabhraíonn le d'fhaisnéis phearsanta a chosaint ó rochtain, úsáid nó nochtadh neamhúdaraithe. Stóráiltear do shonraí pearsanta i bhfreastalaithe slána a bhfuil rochtain theoranta orthu, atá lonnaithe i saoráidí rialaithe Lárionad Sonraí PE i Lucsamburg – an Eoraip.

Déantar do shonraí a storáil (i bhfoirm chriptithe) go huathoibríoch i mbunachar sonraí an chórais a luaithe a chruthaíonn tú an cuntas. Gach uair a dhéantar nuashonrú ar ábhar, seiceálfaidh an córas ar liostáil tú maidir leis an ábhar sin agus, más rud é go ndearna tú é sin, seolfar an nuachtlitir chuig an seoladh ríomhphoist a d'úsáid tú agus an cuntas á chruthú agat.

Féadfar ríomhphoist bhreise a sheoladh chugat, ach i ndáil leis an gcóras amháin (e.g. fógra gur cruthaíodh an cuntas nó go mbeidh an córas síos le haghaidh cothabhála le linn tréimhse áirithe ama).

Ní úsáidtear aon phróiseas uathoibríoch agus / nó próifíliú chun cinntí a dhéanamh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh duit ná do do chearta?

## 8. Conas is féidir leat do shonraí a rochtain, a gcruinneas a sheiceáil agus, más gá, iad a fhíorú, a cheartú nó iad a scriosadh?

De réir Rialachán (AE) 2018/1725, mar ábhar sonraí, tá na cearta seo a leanas agat:

- An ceart rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta.
- An ceart go ndéanfaí do shonraí pearsanta a cheartú.

- I gcás inarb infheidhme, an ceart go ndéanfaí do shonraí pearsanta a scriosadh.
- I gcás inarb infheidhme, an ceart go gcuirfí srian le próiseáil.
- I gcás inarb infheidhme, an ceart cur i gcoinne próiseála.
- An ceart do thoiliú a tharaingt siar tráth ar bith, gan dochar do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sin a fháil roimh an tarraingt siar a dhéanamh.

Is féidir leat do shonraí a rochtain, a nuashonrú nó a scriosadh ón gcóras tráth ar bith tríd an gcomhéadan úsáideora. Is féidir leat na hábhair ar mian leat a choinneáil cothrom le dáta leo a roghnú freisin.

Is féidir leat dul i dteagmháil leis an bhfoireann tacaíochta ag an seoladh seo a leanas chun iarraidh go ndéanfaí aon cheann de na cearta thuasluaite a fheidhmiú: webmaster@europarl.europa.eu

Parlaimint na hEorpa
Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide
An Stiúrthóireacht um Fheachtais
Rue Wiertz 60
B-1047 An Bhruiséil

## 9. Cé leis ar cheart teagmháil a dhéanamh má bhíonn ceist nó gearán agat?

Tráth ar bith, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le foireann tacaíochta an tionscadail ag an seoladh seo a leanas: webmaster@europarl.europa.eu. Is féidir leis an bhfoireann tacaíochta cabhrú leat na sonraí a nuashonrú nó a bhaint nó faisnéis bhreise a chur ar fáil maidir le próiseáil do shonraí.

Má tá aon imní ort agus / nó aon ghearán agat faoi phróiseáil do shonraí pearsanta, féadfaidh tú dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa ag an seoladh seo a leanas: Data-Protection@europarl.europa.eu. Is é an tOifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa a áirithíonn go ndéantar forálacha Rialachán (AE) 2018/1725 a chur i bhfeidhm laistigh den institiúid.

An tOifigeach Cosanta Sonraí
Parlaimint na hEorpa
2, rue Alcide De Gasperi
L-1615 - Lucsamburg

Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu) tráth ar bith maidir le próiseáil do shonraí pearsanta. Tá an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) ag gníomhú mar údarás maoirseachta neamhspleách. Cinntíonn MECS go ndéanann institiúidí agus comhlachtaí uile AE an ceart chun príobháideachta atá ag daoine a urramú nuair a bhíonn sonraí pearsanta na ndaoine sin á bpróiseáil acu.